



**TIPPERARY HISTORICAL JOURNAL  
1995**

**© County Tipperary Historical Society**

**[www.tipperarylibraries.ie/thc](http://www.tipperarylibraries.ie/thc)  
[society@tipperarylibraries.ie](mailto:society@tipperarylibraries.ie)**

**ISSN 0791-0655**

# Macallaí an Ghorta i ngar don Aonach

---

## Le Máirtín Ó Corrbuí

Nuair a bhuaíl galar sin an uafáis, an dúchan, na prátaí, sa tréimhse 1845-47, bhí mo shinseanathair, Diarmaid Ó Corrbuí, ina fheirmeoir tionónta ar eastát i gCarnaigh, thart ar sé mhíle ón Aonach i dtuaisceart Thiobraid Árann. Bhí teach aige ar an bhfeirm, agus ní amháin sin ach cheap an tiarna talún ina mhaor feirme é ar an eastát mór. Bhí ag éirí go maith leis mar sin nó gur leath an dúchan go dtí an taobh sin tíre agus milleadh na prátaí.

Bhí clann óg – seisear acu – ag Diarmaid agus a bhean ag an am sin, agus níorbh fhada go raibh an t-ocras ag goilleadh orthu. Rinne sé a dhícheall ar a son gan aon amhras, ach ba é an dá mhar a chéile é. Tháinig an lá nuair nár fhéad sé cur suas a thuilleadh leis an dóigh ina raibh cúrsaí acu. Chaithfeadh sé bia a sholáthar dóibh ar ais nó ar éigean, nó ligean dóibh bás a fháil ós comhair a shúl.

Ba é rud a rinne sé mar sin ná caora de chuid an eastáit a bhreith leis faoi choim agus a mharú. Bheadh bia blasta sa teach ar feadh tamaillín ar aon chuma. Níor chuala mé riamh cén chaoi ar nochtadh an beart sin. An raibh comharsa éigin in éad leis? Nó an raibh na leanaí óga róbhéalscaoilte? Cibé rún ba chúis leis, chlis air an ghoid a choimeád faoi cheilt.

Bhí an tsláinte ag teip ar an tiarna talún le tamall de bhlianta, agus fuair sé bás i 1846. Ní fhéadfainn a rá go deimhin an roimhe sin nó ina dhiaidh a tharraing Diarmaid an trioblóid air féin. Samhlaítear dom, áfach, gurb í baintreach an tiarna talún a chuir rothaí an dlí ag bogadh thart. Bhí sí ina máistreas ar an eastát faoin am seo. De réir an bhéaloidis duine crua údarásach a bhí inti, agus le linn an Ghorta ba bhéas léi pócaí na gcaillíní aimsire a chuardach roimh imeacht abhaile dóibh san oíche, ar eagla go mbeadh bia de chineál éigin á bhreith leo acu.

Cibé ar bith níor taispeánadh trua ná taise do Dhiarmaid. Baineadh a phost mar mhaor de, ach níos measa fós cuireadh an teaghlach as seilbh tí agus talún. Cuireadh an dlí air agus bhí an t-ádh leis nár crochadh é – rud a rinneadh le go leor fear sa ré sin ar chúis ba lú.

Gearradh téarma fada príosúntachta air, áfach, agus de réir an bhéaloidis arís, caitheadh clocha agus scraitheanna leis an mbáille agus a chuid fear nuair a tháinig siad chun é a ghabháil agus a bhreith leo. Nuir a d'fhill sé abhaile ar deireadh bhí sé ar an mblár folamh. Bhí tionóntaí eile sa teach a bhíodh aige tráth, agus chlis air tionóntacht ar bith eile a fháil.

Is domhain agus is láidir í cuimhne na ndeoraithe i gcéin. I 1950, nuair a bhí mé i bhfad ó bhaile, bhuaíl triúr cuairteoirí – bean, a mac, agus a hiníon – isteach chuig mo thuismitheoirí. B'as an Nua-Shéalainn dóibh, dúirt siad, agus ba ghaolta dár gcuid iad – gaolta nárbh eol dúinn iad a bheith ann ar chor ar bith. Ach níor thúisce an méid sin ráite acu ná dúirt siad go mba mhaith leo an teach as ar tiomáineadh Diarmaid agus a líon tí, breis is céad bliain roimhe sin, a fheiceáil!

Roinnt blianta ina dhiaidh sin fuair mé litir ó fhear i Sasana a raibh an sloinne “Ó Corrbuí” air – sa leagan Béarla ar ndóigh. Ba bheag a bhí ar eolas aige faoina shinsear ach gur tháinig siad ó Thiobraid Árann, agus go mbíodh seanaintín leis ag caint ar uairibh “faoin bhfear a ghoid an chaora”!

